

❖ An Lúibín ❖

27 Mí Eanáir 2006



Tinte

Bliain úr san Astráil, agus na gnáth-thinte coille á leanúint; an té a tógadh faoin tuath sa tír seo bheadh taithí aige ar pháirí dheataigh ag bun na spéire nó ar bhúir na tine féin. Isteach leis na hEorpaigh a tháinig an *bushfire* mar a shamhláítear anois í – rud fíochmhar a dhéanann an tír a bhánú, tithe a scrios, ainmhithe agus daoine a dhó beo beathach. An tine a bhí ina huirlis ag na Bundúchasaigh chun an tír a dhéanamh torthúil tá sí ina namhaid ag an Astráil nua – rud ar sean-nath anois é. Ach cuireann an tine an síol ag fás.

An ionann tine choille agus *bushfire*? Is beag coill atá ag fás in Éirinn anois, agus is deacair a leithéid a shamhlú trí thine i dtír chomh fliuch sin. Bhí an fhalscaí riamh ann – an fraoch á chur trí thine, luisne sa sliabh dá bharr. Scéal eile is ea faoraiois a bheith ar bharr lasrach. Níor fhág a leithéid de loscadh a rian ar an nGaeilge fós, go fiú sa tír seo – na lasracha ag dul ar fianscar trí bhriathra agus trí abairtí chun an teanga a chur ag fás arís i ndeisceart an domhain agus dath ceart dóite na tíre uirthi. Dóiteán mall na mblianta a dhéanfaidh sin, agus baint ag *An Lúibín* leis an obair.

Go mbeire gach duine againn beo ar an am seo arís.



Fiontraithe

Entrepreneurs have found a place in the Gaelic world.

Meiriceánach ó dhúchas é Tomás Mac Gearailt agus cónaí air in Éirinn. Chuir sé an comhlacht Bard na nGleann ar bun sa bhliain 1999 chun postanna Gaeilge a chur ar fáil sa Ghaeltacht, agus tá suas le daichead duine fostaithe anois dá bharr - féach: www.bardnangleann.com. Comhlacht é a bhaineann leas as limistéar nua na Gaeilge – an tIdirlíon.

Dhá fhiontar atá i gceist: www.gaeltalk.net (múineadh na Gaeilge ar-líne) agus: www.litriocht.com (díol na leabhar Gaeilge). Tá rath orthu agus sa bhliain 2005 lean gradam é – *Comhlacht na Bliana, Corcaigh*, an cúigiú háit in Éirinn i measc an *Deloitte Fast 50*, agus an 80ú háit sa *Deloitte EMEA Fast 50* san Eoraip, sa Mheánoirthear agus san Afraic.

Tá an Gearaltach ina fhiontraí Gaeilge, agus níl sé ina aonar. Níl iontu ach scata faoi láthair agus d'fháilteofaí roimh i bhfad níos mó acu. Cuireann leithéidí an Ghearltaigh le neart na teanga sa réimse is leithne – an Ghaeltacht dhomhanda. Léiriú eile é seo ar an tábhacht a bhí riamh i gcúrsaí Gaeilge le daoine aonair agus le heagraíochtaí neamhspleácha i gcomórtas le moille agus malltriall an stáit. Tá an stát ag cúiteamh na moille sin anois le bonneagar dlí, cé go bhfuil sé róluath fós a rá conas a rachaidh Acht na dTeangacha i bhfeidhm ar mhargadh nua na teanga. Baineann Bard na nGleann agus Oideas Gael leas as foghlaimoírí, agus tá réimsí oibre eile ann – cuntasóireacht, an dlí, seirbhísí digiteacha, speisialtóireacht léinn. Dá thábhachtaí an t-airgead ní féidir fós déanamh in éagmais an idéalachais, rud a scarann an fhiontraíocht seo amach ó chaipitleachas eile.

Eascraíonn na gnólachtaí seo as saol a gcuidíonn siad féin lena chruthú – saol a bhfuil an teanga á húsáid ar a lán leibhéal agus á foghlaim le fonn ag mórán. De réir mar atá baint ar leith acu leis an

nGaeltacht, áfach, is baol dóibh meath na teanga sna ceantair sin, meath nach furasta (nó nach féidir) a bhacadh (féach an scéal thíos). Is gearr go gcaithfimid an téarma ‘cainteoir dúchais’ a shainmhíniú ar dhóigh nua, agus is cosúil go n-áireofar fiontraithe Gaeilge mar chuid de gheilleagar náisiúnta a bhfuil tráchtáil sa teanga úd chomh coitianta le haon tráchtáil eile – rud ar mhór an gar don Ghaeilge ar fud an domhain é. Mar a dúradh in eagarfhocal *Lá* ar 19 Eanáir:

De réir a chéile, tá saol Gaeilge á thógáil, ag cainteoirí agus ag díograiseoirí, ón mbonn aníos. Saol é ina mbeadh gach rud ar fáil atá ar fáil trí Bhéarla agus ar chomhchaighdeán, nó níos fearr.

Saol é a bheidh le fáil i dtíortha eile freisin, a bheag nó a mhór – san Astráil agus i Meiriceá Thuaidh go háirithe. Seo ré nua de shaghas éigin, agus an fhiontraíocht á leanúint.



Deisiú na Gàidhlig

The spelling of Scottish Gaelic has been standardised; the grammar awaits its turn. In the Hebrides the very language of education is being debated; in other parts of Scotland thousands of children are now taught through Gaelic.

Tá caighdeán curtha i bhfeidhm ar litriú na Gaeilge le breis is caoga bliain, cé go bhfuil corrdhuine míshásta fós leis an socrú. Anois tá an deisiú céanna déanta ar Ghàidhlig, teanga a bhfuil litriú measartha caighdeánaithe aici le fada an lá – is fiú comparáid a dhéanamh idir litriú anásta na Gaeilge i dtús an 19ú haois agus litriú slachtmhar na Gàidhlig ag an am. Ach dealraíonn sé go bhfuil rudaí le leigheas go fóill.

Tá stair ag gabháil leis an gceist seo. Chuaigh lucht oideachais na hAlban i mbun oibre ar an litriú sa bhliain 1976, agus is é an toradh a bhí ar an obair sa bhliain 1981 roinnt rialacha nua a chuir deireadh, mar shampla, leis an agúid (moladh go gcuirfí an ghraif ina hionad tríd síos in ionad an mheascáin a bhí ann roimhe sin).^{*} Tharraing an t-athrú conspóid, ach tá na rialacha sin i bhfeidhm ó shin i leith, cé go bhfuil mionlach ann nach ngéilleann dóibh. Le cúrsaí litrithe amháin a bhaineann na rialacha seo, áfach, agus níor tugadh aird ar chúrsaí gramadaí, rud is gá a dhéanamh anois agus an oiread sin Gàidhlig á húsáid i gcáipéisí oifigiúla. Anois an t-am, a deirtear, chun Caighdeán Oifigiúil a chur amach; agus tá gá leis ar chúis eile – méadú a bheith ag teacht ar líon na ndaoine atá ag foghlaim na teanga den chéad uair.

Rud eile atá ar na bacáin in iarthar na tíre. In Inse Gall – Gaeltacht na hAlban – tá laghdú ag teacht i gcónaí ar líon na bpáistí a labhrann an teanga sa bhaile, rud a spreag fiontar nua gaeiloideachais. Tá Comhairle nan Eilean Siar ag triail scéime i gcúig cheantar sna hoileain: gaeiloideachas a chur ar fáil i ngach scoil sna háiteanna sin agus gan oideachas a bheith ar fáil trí Bhéarla ach in aon scoil amháin i ngach áit. Clárófar gach páiste sna scoileanna lánGhaeilge agus beidh ar na tuismitheoirí oideachas Béarla a roghnú d’aonghnó más é sin is fearr leo.

A mhalairt de scéal atá ann faoi láthair: níl an gaeiloideachas le fáil ach i gcúpla scoil agus ní mór é a roghnú d’aonghnó – rud nach ndéanann formhór na dtuismitheoirí ar eagla go gcuirfí ‘srian’ lena gclann.

Tá fadhbanna ag roinnt leis an scéim nua: tá múinteoirí le Gàidhlig gann; ní bheidh an scéim ar siúl ach sna ceantair is lú pobal agus sa chéad dhá bhliain den bhunscoil; tá moill ar leathnú na scéime. Ní fios go fóill, ar ndóigh, cén rath a bheidh uirthi. Ag an mBéarla atá an buntáiste fós agus na hoileáin ar bhéal an tsaoil mhóir – rud atá ag lagú na Gaeltachta in Éirinn féin.

Ní saol iontu féin iad Inse Gall a thuilleadh, agus is dócha gur i nDún Éidean agus i nGlaschú a bheidh neart na teanga feasta. De réir Acht Chaighdeán na Scoileanna 2004 tá ceart ag daltaí ar scolaíocht Ghàidhlig, agus tá timpeall 3,000 dalta ag freastal anois ar scoileanna den saghas sin.

Anois tá daltaí á gclárú i nGlaschú don chéad champas oideachais Ghàidhlig. Oslófar i mí na Lúnasa é, agus beidh náiscolaíocht, bunscolaíocht agus meánscolaíocht ar fáil ann do 600 dalta.

Is léir uaidh seo go bhfuil bóthar nua roimh an nGàidhlig, ceann a d'fhéadfadh í a thabhairt slán. An rath atá ar ghaelscolaíocht na hÉireann go dtí seo d'fhéadfaí a bheith ag súil leis in Albain freisin. An-díol spéise é an scéal seo feasta.

*Féach: [Gaelic Orthographic Conventions 2005: www.sqa.org.uk/sqa/](http://www.sqa.org.uk/sqa/)



Teangacha polaitiúla

In Europe language is political where minorities are concerned. In Spain the quarrel concerns Galician, an ancient Romance language; in Austria the dwindling Slovene minority face a symbolic loss.

Tháinig na chéad náisiúntáit Eorpacha ar an bhfód i ndeireadh an 18ú haois. Bhí siad in ainm is a bheith ina bpobail lánaontaithe agus a dteanga sainiúil féin acu mar shuaitheantas náisiúnta. B'olc an tuar do na mionteangacha é; ní thacódh an stát leo agus uaireanta dhéanfadh sé iarracht iad a chur faoi chois. Bhí tábhacht i gcúrsaí teanga leis an teorainn pholaitiúil, agus b'fhadhb pholaitiúil í aon teanga a bhí á labhairt ar an taobh chontráilte den teorainn. Glactar leis anois go bhfuil a gcuid ceart féin ag cainteoirí mionteangacha, agus an tAontas Eorpach ag caitheamh óir agus airgid ar chaomhnú cultúrtha. Ach is dóigh achrainn fós ceisteanna teanga agus teorann, mar a thaispeántar i dtíortha chomh difriúil lena chéile leis an Spáinn agus an Ostair.

Le linn Franco ní raibh ach aon teanga oifigiúil amháin ag an Spáinn: an Chaistílis. Anois tá cead cainte ag lucht labhartha Catalóinise, Bascaise agus Gailise, agus tá a fhorlialtas féin ag gach réigiún. Labhraítear an Ghailisis in oirdheisceart na tíre, áit fhiáin álainn a bhfuil ceol na píbe le cloisteáil ann; tá gaol ag an teanga féin le Portaingéilis. Ach lean an pholaitíocht an t-athrach bisigh. Tá Gailiseoirí le fáil ní hamháin sa Ghalais ach sna réigiúin atá ag críochantacht léi chomh maith - an Chaistíl agus Asturias – rud nach bhfuil náisiúnaigh na Gailise dall air. Tá siad ag iarraidh anois ndéanfaí cuid den Ghalais de na ceantair sin de bharr a gcuid 'tréithe stairiúla agus cultúrtha'.

Ní gá a rá go bhfuil an lasóg curtha sa bharrach ag an scéal seo: tá polaiteoirí na réigiún eile sin ag caint ar 'ghraibéireacht,' agus chuir an scéal le fiuchadh an phota i Madrid. I ndáiríre, tá timpeall 40,000 duine ag labhairt Gailise sna ceantair amuigh, cé go gcuireann rialtas Asturias in iúl nach bhfuil ina chuid féin díobh ach cainteoirí Baiblise (*Bable*), canúint áitiúil den Spáinnis. Baineann údarais áitiúla a dtairbhe féin as an scéal: sa bhliain 2000 d'éiligh roinnt acu go ndéanfaí cuid den Ghalais iad toisc a laghad sin infheistíocht a bheith á fháil acu sa bhaile.

Díol spéise iad an pobal beag Gailiseoirí i ndeisceart féin na tíre: timpeall 4,000 duine a bhfuil leagan den Sean-Ghailisis acu agus atá ina gcónaí ann ó díbríodh na hArabaigh fadó – iarsma meánaoiseach den choncas agus den imirce.

Cúrsaí polaitíochta is ea ceist na dteangacha san Ostair freisin, agus tábhacht shiombalach na gcomharthaí i gceist sa chás seo. Sínte lena chéile atá an tSlóivéin (tír Shlavach ar chuid den Impireacht Ostar-Ungárach í) agus an Ostair, agus is fada Slóivéinis á labhairt sa Chairint i ndeisceart na hOstaire. Tá cearta na Slóivéanach sin daingnithe agus deimhnithe sa bhunreacht agus i gconarthaí, agus tá comharthaí dátheangacha coitianta sa deisceart. Ach tá céatadán na Slóivéanach ag íslíú i gcónaí ann, agus tá barúil ag cuid acu go dtapóidh polaiteoirí áirithe an deis chun uimhir na gcomharthaí a laghdú dá bharr – rud nár dheacair dóibh a dhéanamh agus an oiread sin de lucht labhartha Gearmáinise ar aon aigne leo.

Deirtear nach mór an meas atá ag an tSlóivéin féin ar a hoidhreacht Ghearmánach, agus a chúis sin aici. Bhí neart Gearmáinise á labhairt sa tSlóivéin go dtí daichidí na haoise seo caite, ach díbríodh an chuid is mó de lucht a labhartha tar éis an Chogaidh. Níos lú ná 5% den phobal a labhrann ann anois í agus ní mór an aird a thugtar orthu; ach tá an-chaomhnú cultúrtha faighte ag na hIodálaigh agus ag na hUngáirigh, cé gur mionphobail iad atá ag dul i laghad chomh tapa leis na Slóivéanaigh san Ostair. Is léir ón méid seo cé chomh deacair is atá sé ag mionphobail agus ag mionteangacha an fód a sheasamh i gcoinne brú cultúrtha an stáit a bhfuil siad lonnaithe ann, go fiú agus an dlí á gcosaint.



Éire: seanré, ré nua

A third of the nation have no Irish; many of the remainder exaggerate their ability in it; thousands of schoolchildren successfully evade it; the young in the Gaeltacht think it is hopelessly uncool, yet the Irish elite are embracing it.

Bíonn spéis i gcónaí i staid na Gaeilge in Éirinn mar a léirítear í sa daonáireamh, agus scéal é nach féidir le Gaeilgeoirí thar lear neamhshuim a dhéanamh de. Déanfar daonáireamh nua i mbliana, agus (de réir thuairisc *Foinse*) mar ullmhú chuige rinne Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann Suirbhé Píolótach sa bhliain 2004: tá na torthaí ar fáil anois, agus léargas iontu ar shláinte na teanga. Cuireadh ceisteanna ar thimpeall 8,000 teaghlach in ocht gceantar ar fud na tíre; ní raibh aon cheantar Gaeltachta orthu sin, rud a fhágann gurb í an Ghaeilge mar theanga bhreise atá i gceist.

Sna blianta 1996 agus 2002 bhíodhas ar thóir eolais ar chumas cainte agus ar a mhínice a labhraíodh daoine an teanga, agus sin mar a rinne an Suirbhé Píolótach freisin; an uair seo, áfach, rinneadh idirdhealú idir daoine a labhraíonn an teanga ar scoil agus daoine a labhródh in áiteanna eile í.

Go fiú más ábhar díomá na figiúirí, is cosúil go bhfuil siad níos cruinne ná mar a bhí sna blianta roimhe seo. Sa bhliain 2002 dúirt 41% go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt, scéal nach raibh mórán datha air; an uair seo dúirt 39% an rud céanna, scéal eile gan dath réir dealraimh, cé go mbeadh sé níos gaire don fhírinne. D'admháil an tríú cuid de na daoine nár thuig siad Gaeilge ar chor ar bith, freagra atá creatúil go leor.

Chuir Brian Fleming, ardmháistir scoile ó Bhaile Átha Cliath, in iúl ar an *Irish Times* go bhfuil na mílte dalta ag seachaint agus ag treascairt bheartas Gaeilge an stáit sna scoileanna. Cuireann siad an bhéim ar ábhair eile; faigheann siad measúnacht shíceolaíoch a ligeann dóibh gan an teanga a dhéanamh ar chor ar bith; ní dhéanann siad an scrúdú. Tá áthas ar mo dhuine go ndéanann mórán daltaí eile go maith (cé gur deacair gan amhras a bheith agat ar chaighdeán a gcuid Gaeilge). Admhaíonn sé gurb í an teanga Ghaeilge an t-ábhar is lú a thaitníonn le formhór na ndaltaí.

Scéal eile a bhí ag an tráchtair eacnamaíochta, David McWilliams, agus é faoi agallamh ag Concubhar Ó Liatháin le haghaidh *Lá*. Is garr ó d'fhoilsigh mo dhuine *The Pope's Children*, leabhar a bhfuil cuntas greannmhar ann ar an éileamh atá ag lucht gustail anois ar ghaelscolaíocht. (Tharraing seo fearg roinnt daoine a chuir in iúl nach iad clann an airgid amháin a d'fhaighfeá sna Gaelscoileanna ná baol air.) Is é tuairim mo dhuine, mar a deir an Liathánach, 'go bhfuil an borradh faoi Ghaelscoileanna agus an ráchairt ar chúrsaí Gaeilge ar nós Gael Linn ina fhianaise ar athbheochan chultúrtha den chineál a spreag bunú Chonradh na Gaeilge i mblianta deireanacha an 19ú haois'.

Deir McWilliams gurb é is bun leis an mbláthú cultúrtha seo an rachmas nua agus an tsíocháin a lean sos cogaidh an IRA. Deir sé gurb é an domhandú féin agus an rachmas a leanann é a

thugann ar dhaoine (go háirithe an ‘plúr’) a fhiafraí díobh féin cé hiad i ndáiríre agus cén chiall atá lena ndúchas.

Más fíor an méid seo is beag baint atá aige leis an aos óg sa Ghaeltacht, dream ar fearr leo Béarla ná Gaeilge lá ar bith. Déarfadh a bhformhór nach bhfuil sa Ghaeilge ach bac, rud a cheileann só saolta ort; níor chuidigh an teanga leis na seandaoine, agus cúis náire agus gháire duit í a labhairt le do chairde. Le Béarla amháin a luaitear suas-chun-dátachais. Scéal eile ar fad é sa chathair: Béarla ag Deirdre ó dhúchas agus Gaeilge aici de rogha – teanga fhaiseanta ilchultúrtha Eorpach. Léargas sárshuimiúil é an méid seo ar an difríocht idir an dá chultúr – dúchas an phortaigh agus galántacht na sráide. Róshimpliú ar an scéal é sin, b’fhéidir, ach níl sé gan bhunús.

Tarrtháil

Tá Údarás na Gaeltachta tar éis a fhógairt go bhfuil uair na cinniúna tagtha maidir le gnáthúsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht. Tá siad á admháil (faoi dheireadh) go bhfuil an teanga marbh i roinnt mhór den Ghaeltacht. Beidh siad féin agus an Roinn ag dul i gcomhairle leis an bpobal sna limistéir Ghaeltachta chun an scéal a chíoradh. Tá siad ag smaoineamh ar bhealaí nua chun an teanga a chur á húsáid arís. (Ní admhaigh aon duine fós go mbeadh draíodóir ag teastáil chuige.)

Tá Baile Bhúirne in iarthar Co. Chorcaí ar cheann de na Gaeltachtaí is lú, agus coinnítear an dé sa Ghaeilge ann trí í a úsáid mar phríomhtheanga na hócáidí san Ionad Cultúrtha – drámaíocht, filíocht, ceol agus ealaín. Admhaíonn stiúrthóir an Ionaid, áfach, gur gá an teanga a labhairt sa bhaile chun an t-aos óg a spreagadh chun í a úsáid, agus is léir go bhfuil bun leis an imní atá uirthi ina thaobh sin. Ní fiú le mórán tuismitheoirí aon teanga ach Béarla a labhairt agus a chúis sin acu – duine den lánúin a bheith ina Bhéarlóir ó dhúchas, fonn a bheith orthu buntáiste a thabhairt don chlann, éadóchas éigin. Tá an teanga sách láidir fós i roinnt áiteanna ach ní gá gur ábhar dóchais é sin.

Aistritheoirí

Tá aistritheoirí oifigiúla Gaeilge ag teastáil go géar ó Éirinn. Ní mór gach dlí nua a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla in éineacht feasta, de réir Alt 7 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla. Sa Bhruiséil caithfear leagan Gaeilge de reachtaíocht na hEorpa a chur amach le leaganacha na dteangacha eile. Ceart go leor, ach níl na haistritheoirí sin le fáil.

De réir tuairisce i d*Tuarascáil* san *Irish Times*, bhí comhdháil i nGaillimh cúpla mí ó shin mar ar thug Fearghal Ó Béarra ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge samplaí d’aistriú a rinneadh ar cháipéis stáit. Bhí sé breac le botúin. Is beag duine a gcuirfeadh seo iontas air. Níl an tAire Éamon Ó Cuív dall ar an bhfadhb; tá cúrsa creidiúnaithe d’aistritheoirí á chur ar bun ag Foras na Gaeilge agus beidh scrúduithe ann ó mhí na Feabhra amach. (Is fiú a chuimhneamh nach gá duit cáilíocht ar bith a bheith agat in Éirinn chun dul ag obair mar theangaire i dteanga iasachta, cé go bhfuil cumann gairmiúil ann a éilíonn caighdeán áirithe.)

Gearóid Ó Casaide féin, Stiúrthóir Rannóg an Aistriúcháin i dTeach Laighean, dúirt sé le *Tuarascáil* gur dheacair painéal aistritheoirí a chur le chéile a raibh a ndóthain Gaeilge acu chun obair an Oireachtais a dhéanamh.



Mura mian leat *An Lúibín* a fháil cuir teachtaireacht dá réir chun: colger@melbpc.org.au.

Colin Ryan